Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2026
(OR. en)

10445/26
PV CONS 35
AGRI 484
PECHE 232
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

22 agus 23 Meitheamh 2026

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 22 MEITHEAMH 2026 (10:00)**

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10319/26, cé is moite de mhíreanna 3 agus 8, a tarraingíodh siar, agus mír ón Uachtaránacht a cuireadh isteach, faoi ‘Aon ghnó eile’, maidir le staid na himeartha i ndáil leis na ‘Coinníollacha a bhunú maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais don tréimhse 2028-2034’ (mír nua 6(g)).

2. **Formheas na míreanna ‘A’**

**(a) Liosta neamhreachtach**

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

IASCACH

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Coinníollacha a bhunú maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais don tréimhse 2028-2034** ❶C 10387/1/26 REV 1
*Cur chuige ginearálta páirteach*

Baineadh an mhír sin den chlár oibre.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**4.** **Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoirlínte le haghaidh 2027** [2] 10151/26
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún ar an teachtaireacht uaidh 'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna i gcomhair 2027', agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

**5.** **Meastóireacht ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) – An Bealach Chun Cinn (Treoir Pholaitiúil)** [2] 9570/1/26 REV 1
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún maidir leis an meastóireacht ar CBI agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**6.** <u>Iascach</u>

**(a)** **Ullmhúchán don chéad Dearbhú Aireachta MedFish4Ever eile** [2] 10690/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(b)** **In-fhorfheidhmitheacht bhearta rialaithe an Aontais chun iomaíochas mhargadh iascaigh na hEorpa a choinneáil ar bun** [2] 10538/26
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón Spáinn agus ón tSualainn, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(c) Iascach de chuid na hEorpa san Afraic Thiar: peirspictíochtaí amach anseo agus na chéad chéimeanna eile atá le glacadh** 10711/26
*Faisnéis ón Laitvia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil

Talmhaíocht

**(d) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**(i) An Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas: staid na himeartha** 10718/26

**(ii) An Rialachán maidir le hainmhithe a chosaint le linn dóibh a bheith á n-iompar agus le linn oibríochtaí gaolmhara: staid na himeartha** 10390/26

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Pléadh mír 6 (d) (i) agus (ii) le chéile.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis na Rialacháin maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí agus maidir le le hainmhithe a chosaint le linn dóibh a bheith á n-iompar. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(e) Monatóireacht ar ESB san Eoraip: ailíniú le critéir na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH)** 10244/26
*Faisnéis ón mBeilg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil, le tacaíocht ón Ostair, ón mBulgáir, ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, ón Ungáir, ón Laitvia, ó Lucsamburg, ón Ísiltír, ón bPortaingéil agus ón tSualainn, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(f) Solúbthacht bhreise sa dianchóras caomhnaithe is infheidhme maidir le daonra na mbéar i bhfianaise na staide reatha a bhfuil údar cuí léi** 10329/26
*Faisnéis ón Rómáin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin agus an tSlóvaic ar fáil, le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón bhFionlainn, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

Iascach

(g) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

**Coinníollacha a bhunú maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais don tréimhse 2028-2034: staid na himeartha** 10691/26 + COR 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais don tréimhse 2028-2034. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí.

## CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 23 MEITHEAMH 2026 (10:00)

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

7. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin[1] 10696/26
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

8. **(b'fhéidir) An Rialachán lena leasaítear pleananna straitéiseacha CBT agus rialacháin chothrománacha a mhéid a bhaineann le leasacháin** ❶C 10328/26 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

Baineadh an mhír seo den chlár oibre.

---

[1] I láthair Leas-Phríomh-Aire na hÚcráine um Lánpháirtiú Eorpach agus Eora-Atlantach.

**9. An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: Solúbthacht, Coimhdeacht agus Cuspóirí Coiteanna an Aontais** ❶C 7468/26
*Díospóireacht bheartais*

Pléadh míreanna 9, 10 (b) agus (c) (lena n-áirítear na fomhíreanna uile) le chéile.

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le cé acu ar baineadh nó nár baineadh an chothromaíocht cheart amach sa téacs ón Uachtaránacht idir cuspóirí solúbthachta, cuspóirí coimhdeacha agus cuspóirí coiteanna an Aontais.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an bplé ar thograí CBT tar éis 2027, ar an togra maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus ar an togra spriocdhírithe maidir le CEM, agus ar bharúlacha na dtoscaireachtaí.

**Aon ghnó eile**

**10. Talmhaíocht**

**(a) An 59ú Comhdháil de Stiúrthóirí Ghníomhaireachtaí Íocaíochta an Aontais (an Niocóis, an 25-27 Bealtaine 2026)** 2 10404/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh Chomhdháil Stiúrthóirí Ghníomhaireachtaí Íocaíochta an Aontais, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(b) Tograí maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027: staid na himeartha**

**(i) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** ❶C

- **An Rialachán lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh** 10721/26

- **An Rialachán leasaitheach a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile, idirghabhálacha earnála, earnáil na próitéine, cnáib, caighdeáin mhargaíochta, dleachtanna allmhairiúcháin, infhaighteacht soláthairtí agus urrúis** 10364/1/26 REV 1

(ii) **An Rialachán leasaitheach ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim scoile an Aontais** [2][C] 10364/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(c) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** [1][C]

(i) **An Rialachán lena leasaítear an rialachán maidir le feirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le táirgeadh, lipéadú, deimhniú agus trádáil: staid na himeartha** 10670/26

(ii) **An Rialachán lena leasaítear an Rialachán maidir le heagraíocht na margaí talmhaíochta (CEM) a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia: staid na himeartha** 10723/26
***Faisnéis ón Uachtaránacht***

Pléadh míreanna 10 (b) agus (c), lena n-áirítear na fomhíreanna uile, i gcomhpháirt le mír 9.

---

[1] An chéad léamh

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)